NUACHTLITIR NA SEACHTAINE

18-11-14

Íoc ar líne/ Pay online

Is ábhar sástáchta agam a rá gur féidir le tuismitheoirí na scoile íocaíocht a dhéanamh leis an scoil ar líne anois. Má tá suim agat íoc as na leabhair scoile, an halla, an rince, an snámh, na turais scoile srl. níl ag teastáil ach na sonraí seo a leanas:
Iban: IE96 AIBK9335 1105 8772 99
BIC: AIBKIE2D
Nuair atá tú ar líne gliogáil ar Add Payee, líon isteach an t-eolas agus is féidir do bhillí a íoc díreach isteach i gcuntas na scoile. Ná déan dearmad ainm/rang do pháiste a chur sna sonraí m.sh. Seán Ó Broin R3. Má theastaíonn uait eolas breise a thabhairt d'Éilís is féidir ríomhphost a sheoladh chuig gncamoige@gmail.com.
Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na tuistí sin atá tar éis billí a íoc cheana féin agus an modh seo in úsáid acu. Más mian leat íocaíocht a dhéanamh ar líne beidh na sonraí seo a leanas ag teastáil:
Iban agus Bic na scoile agus Cláruimhir do pháiste. Tá na sonraí seo san oifig.
I am delighted to say that parents now have the option of paying for schoolbooks, hall, swimming, music, trips etc. online. If you would like to pay online you will need the following details:
Iban: IE96 AIBK9335 1105 8772 99
BIC: AIBKIE2D
When banking online, click Add Payee, fill in these details and you can pay directly into the school account. Please ensure that you fill in your Child's name and Class on the account e.g Seán Ó Broin R3. If you need to clarify what the payment is for please send an email to gncamoige@gmail.com
We highly recommend this method of payment. It increases efficiency and security for the office and for parents. I would like to thank parents who have paid by this method to date.

Turas na Naíonán

Beidh na Naíonáin Mhóra agus Bheaga ag dul go dtí Imaginosity amárach. Is féidir leo lón sláintiúil i mála beag a thabhairt leo agus éadaí spóirt na scoile a chaitheamh.
The Senior and Junior Infant classes are going on a trip to Imaginosity tomorrow. They will need to bring a healthy lunch in a small bag and must wear the school tracksuit.

****

Club Oibre Baile

Thosaigh an chéad théarma eile den Chlub Oibre Baile. Iarrtar ar aon thuismitheoir nár íoc ag an bpointe seo an t-airgead a sheoladh isteach chomh luath is féidir.
The Homework Club has started again. Please send in any outstanding monies as soon as possible.

Hallelujah

Beidh Rang 6 ag glacadh páirte i gceolchoirm Hallelujah an dara lá Nollaig in Iarthar na Cathrach. Tá na páistí ag cleachtadh go dian agus guím gach rath orthu ar an lá. Bainigí taitneamh as!

Rang a 6 will be participating in the Hallelujah Concert in Citywest on the 2nd December.The children are practicing every day and I wish them the best of luck on the day. Enjoy the day!

Seó na Nollag



Beidh Seó na Nollag ag na Naíonáin – Rang a 2 ar siúl san Áras an 4 Nollaig. Ba bhreá linn na tuismitheoirí/caomhnóirí a fheiceáil ann, más féidir libh. Iarraimid oraibh na páistí beaga a choinneáil sa bhaile don ócáid seo chun seans ceart a thabhairt do na páistí agus iad ar an ardán. Bíonn na páistí an-sceitimíneach faoi Sheó na Nollag agus táimid ag iarraidh gach uile iarracht a dhéanamh chun é a choinneáil chomh taitneamhach agus is féidir linn dóibh.

Seó na Naíonán Beag – 12:30pm
Seó na Naíonán Mór- 1:00pm
Seó Rang 1- 1:30pm
Seó Rang 2- 2:00pm

Is féidir leis na Naíonáin dul abhaile díreach ón Áras tar éis an tSeó. Rachaidh Ranganna a 1 agus a 2 ar ais chuig na seomraí ranga chun a málaí scoile a bhailiú agus is féidir libh iad a bhailiú láithreach chomh maith. Beidh táille iontrála €2 do Sheó na Naíonán.

Beidh Seó Rang a Trí - Rang 6 ar siúl i gColáiste Chillian an **18 Nollaig ag a seacht a chlog**. Tá fáilte roimh chách chuig an seó agus táim lán-chinnte de go mbainfidh sibh an-taitneamh as an ócáid dheas seo. Beidh táille iontrála €5 ann do Sheónna na n-ardranganna.

The Christmas Show for Junior Infants, Senior Infants, 1st Class and 2nd Class will take place in the Áras Thursday, December 4th. We would be delighted to see parents/guardians at the show if possible. We would ask you not to bring younger children to the show to ensure that the younger classes will be given every chance to be heard on stage. These shows are very exciting for the children and we want to do everything possible to ensure that they can enjoy their special moment!

Junior Infant show- 12.30pm
Senior Infant show- 1.00pm
First Class Show- 1.30pm
Second Class Show- 2.00pm

The infants can be collected from the Áras after the show. First and Second Class will return to their classrooms to collect their schoolbags and belongings and can also be collected straight after the show. There will be an entrance fee of €2 per person for the show.

The Show for the Senior Classes will take place in Coláiste Chillian on the ***18th of December at seven o'clock****. There will be an entrance fee of €5 per person for the senior show. All are welcome to the show and we hope that you will all enjoy this lovely occasion.*

Ranganna Fidile

Tá €35.00 le híoc ag na páistí don rang Fidile. Seol isteach an t-airgead chuig an oifig le bhur dtoil. €25 an cíos atá ar fhidil.

The price for of Fiddle Class is €35 per child. Please forward this amount to the office as soon as possible. The price of Fiddle Rental is €25

Éadaí Te/Warm Clothes

Mar is eol daoibh tá an aimsir an-fhuar agus tá sé fíor-thábhachtach, mar sin, go bhfuil na páistí ag caitheamh cóta ceart agus hata, scairf, srl. agus iad ag teacht ar scoil.

As you are all aware the weather is very cold at the moment and it is essential that the children are wrapped up in warm coats, hats scarves, etc. coming to school.

Scoil Sábháilteachta Rothaíochta - *Cycling Safety School*

Tá áthas orm a rá go bhfuil Rang 5 ag glacadh páirte i scoil rothaíochta gach Máirt ar chlós na scoile. Is féidir leo éadaí spóirt na scoile a chaitheamh fad agus a leanann an cúrsa ar aghaidh.

5th Class are taking part in a Cycling Safety School every Tuesday on the schoolyard. They can wear the school tracksuit for the duration of the course.

****

Cruinniú tuistí Rang 6*/Meeting for parents of 6th Class*

Beidh Cruinniú do thuismitheoirí Rang 6 i Séipéal Muire Gan Smál an 20 Samhain 7.30pm.
There will be a meeting for parents of 6th Class in the The Church of the Immaculate Conception on the 20th November 7.30pm

****

Scoil Ghlas – Sábháil Páipéar*Green School – Save school paper!*

Má theastaíonn uait nuachtlitir na scoile agus aon eolas eile ón scoil a fháil tríd ríomhphost as seo amach, seol ríomhphost chuig gncamoige@gmail.com le hainm do pháiste agus rang do pháiste luaite ann.

If you would rather receive the school newsletter and any other correspondence from the school via email please send an email to the school gncamoige@gmail.com stating your child's name and class.

Many thanks to those parents who have emailed the school to date.

Twitter- Meabhruchán- Reminder

Is mór liom go bhfuil Gaelscoil na Camóige anois ar Twitter! An seoladh twitter atá ann ná @gncamoige. Beidh an cuntas seo in úsáid againn mar fhóram eolais amháin. Lean Gaelscoil na Camóige agus is cinnte go mbeidh an t-eolas is déanaí agat.
I am delighted to say that Gaelscoil na Camóige is now on Twitter! Follow us on @gncamoige. This Twitter account will be used as an information forum only. Information regarding Football, Training, Meetings etc.

Aoife Ní Raghallaigh
Príomhoide

Cairde

Beidh na Cártaí Nollag a ordaíodh á seoladh abhaile amárach. D'éirigh linn breis is €800 a bhailiú ón Scéim Cártaí Nollag agus ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil libh agus le Cairde as ucht é a eagrú. Tá moladh ar leith ag dul do na múinteoirí agus na páistí a rinne an-obair agus cártaí áille a dhearadh.
Beidh Cruinniú de chuid Chairde ar siúl san Áras Dé Luain 24 Samhain ag a 9.00am. Tá fáilte roimh chách. Má theastaíonn ó aon duine rud a chur ar an gclár is féidir ríomhphost a sheoladh chuig cairdecamoige@gmail.com, teachtaireacht phríobháideach a chur ar Facebook nó labhairt le duine den choiste ar an gclós.
The Christmas Cards ordered by parents will be sent home tomorrow. I would like to thank Cairde for organising the scheme. More than €800 was fundraised with the sale of the cards. Many thanks to the teachers and to the children for their hard work and beautiful artwork!
There will be a Cairde Meeting Monday, November 24th, at 9.00am in the Áras. All are welcome. If anyone wants to add to the agenda they can email cairdecamoige@gmail.com , send a private message on Facebook or approach any members of the committee in the schoolyard.

****

Díolacháin Cácaí- *Cake Sale*

Beidh díolachán cácaí ag Rang a 5 agus Rang a 6 Dé hAoine beag seo san Áras ag 9.00am. Tá fáilte roimh thuismitheoirí na scoile agus beidh Cairde ag eagrú tae agus caifé ar an lá. Is féidir leis na páistí airgead (níos lú ná €5) a thabhairt isteach chun cácaí a cheannach ar an lá. Iarrtar ar pháistí bosca lóin beag a thógáil leo ar an lá agus beidh cead acu trí cháca nó briosca a cheannach.
5th and 6th Class are having a cake sale this Friday at 9.00am in the Áras. All parents are invited and Cairde are arranging tea/coffee also. The children can bring in money (less than €5) on the day if they wish to purchase cakes. We ask that children bring in a small lunch box to carry their cakes home and they are allowed to purchase three cakes/biscuits each. We wish 5th and 6th Class the best of luck in their efforts to raise much needed funds for the school. Maith sibh!

Parents are needed to help out at the Cake Sale, set up and tidy up afterwards. All volunteers to cantact Cairde